Beartas Príobháideachais

Leagtar amach sa bheartas príobháideachta seo conas a úsáideann agus a chosnaíonn Gluaiseacht na hEorpa (EM Ireland) aon fhaisnéis a thugann tú do EM Ireland nuair a úsáideann tú an suíomh Gréasáin seo.

Tá EM Ireland tiomanta do chinntiú go ndéantar do phríobháideachas a chosaint. Má iarraimid ort faisnéis áirithe a sholáthar trínar féidir tú a aithint agus an suíomh Gréasáin seo á úsáid agat, is féidir leat a bheith cinnte ansin nach n-úsáidfear é ach de réir an ráitis phríobháideachais seo.

Féadfaidh EM Ireland an polasaí seo a athrú ó am go chéile tríd an leathanach seo a nuashonrú. Ba cheart duit an leathanach seo a sheiceáil ó am go chéile le cinntiú go bhfuil tú sásta le haon athruithe. Beidh feidhm ag an mbeartas seo ón 5 Meán Fómhair 2013.

Féadfaimid an fhaisnéis seo a leanas a bhailiú:

- ainm agus seoladh
- faisnéis teagmhála lena n-áirítear seoladh ríomhphoist
- faisnéis dhéimeagrafach ar nós postchód, roghanna agus leasanna
- faisnéis faoi na hidirbhearta a dhéanann tú
- faisnéis a sholáthraíonn tú agus aiseolas á thabhairt dúinn nó nuair a bhíonn foirmeacha ballraíochta nó clárúcháin á gcomhlánú agat
- Teastaíonn an fhaisnéis seo uainn chun do chuid riachtanas a thuiscint agus chun seirbhís níos fearr a sholáthar duit, agus go háirithe ar na cúiseanna seo a leanas:
- coimeád taifead inmheánach
- feabhas a chur ar ár gcuid seirbhísí agus imeachtaí
- féadfaimid ríomhphoist a sheoladh go tréimhsiúil faoi sheirbhísí nua, imeachtaí nó faisnéis eile a cheapann muid a d'fhéadfadh a bheith suimiúil duit ag baint úsáide as an seoladh ríomhphoist a chuir tú ar fáil
- féadfaimid do chuid faisnéise a úsáid freisin chun teagmháil a dhéanamh leat ar an bhfón, trí fhacs nó trí ríomhphost chun críocha taighde margaidh agus féadfaimid an fhaisnéis a úsáid chun an suíomh Gréasáin a shaincheapadh de réir do riachtanas.

Ag EM Ireland táimid tiomanta do chinntiú go bhfuil do chuid faisnéise slán. Chun rochtain nó nochtadh neamhúdaraithe a chosc tá nósanna imeachta fisiceacha, leictreonacha agus bainistíochta oiriúnacha curtha i bhfeidhm againn chun an fhaisnéis a bhailímid ar líne a chosaint agus a dhaingniú.

Más mian leat tarraingt siar as an 'MyEU50: The Ireland EU50 Youth Competition' am ar bith, le do thoil déan teagmháil linn ag myeu50@europeanmovement.ie.